# Helen Katz Lewis
# (1916-2009)



Helen Katz Lewis
(1916-2009)
Múinteoir rince, cóiréagrafaí, dírbheathaisnéisí agus bean a tháinig slán as an Uileloscadh ab ea í Helen Katz Lewis.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Féach ar an bhfíseán ar Helen Katz Lewis agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| Rugadh Helen Katz Lewis i mBéal Feirste sa bhliain 1916 | | B |
| Bhí an-spéis aici sa rince | | |
| Giúdach a bhí inti | | |
| Sa bhliain 1939 rinne trúpaí Gearmánacha ionradh ar an tSeicslóvaic | | |
| Ní raibh Helen pósta nuair a bhris an Dara Cogadh Domhanda amach sa bhliain 1939 | | |
| Bhí Helen go dona tinn agus í sa champa Terezín Theresianstadt | | |
| D'éirigh le Helen na seomraí gáis in Auschwitz a sheachaint mar gheall ar a cumas rince | | |
| Mharaigh na Naitsithe na céadta míle duine in Auschwitz | | |
| Bhí Helen breá sláintiúil nuair a d'fhill sí abhaile ag deireadh an chogaidh | | |
| Phós Helen arís tar éis an chogaidh agus bhog sí go Béal Feirste | | |
| Múinteoir Béarla a bhí inti don chuid eile dá saol i mBéal Feirste | | |

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Anois, léigh an léamhthuiscint seo ar shaol Helen Katz Lewis agus freagair na ceisteanna a ghabhann léi.

Bhí saol thar a bheith eachtrúil eisceachtúil ag Helen Katz Lewis. Ba sa Bhoihéime sa tSeicslóvaic a rugadh í sa bhliain 1916. Cuid den Impireacht Ostar-Ungárach a bhí sa tSeicslóvaic ag an am sin. Bhí pobal mór Giúdach sa Bhoiméime ag dul siar i bhfad agus ba as teaghlach saibhir Giúdach do Helen. Chuir sí suim sa rince ag aois an-óg, suim a mhairfeadh feadh a saoil ar fad. D'fhreastail sí ar an ollscoil i bPrág agus phós sí fear darbh ainm Paul Hermann sa bhliain 1938. Go fíor-ghairid tar éis a bpósta rinne trúpaí Gearmánacha ionradh ar an tSeicslóvaic agus tosaíodh láithreach ar ghéarleanúint a dhéanamh ar an bpobal Giúdach sa tír. Cailleadh athair Helen blianta beaga roimh bhriseadh amach an Dara Cogadh Domhanda ach cuireadh máthair Helen go campa díothaithe Sobibór sa bhliain 1942 agus cailleadh ansin í.

Cuireadh Helen agus a fear céile Paul go Theresianstadt agus buaileadh go dona tinn í agus í ann. Níorbh fhada ina dhiaidh sin, i mBealtaine 1944, gur cuireadh iad go campa géibhinn agus díothaithe Auschwitz sa Pholainn ar dtús agus as sin go Stutthof, campa a raibh obair éigeantais ar siúl ann. A bhuí lena cumas rince d'éirigh le Helen teacht slán as na háiteanna uafásacha seo mar gur tugadh ciondálacha breise di toisc gur chuir sí siamsaíocht ar fáil, i bhfoirm seónna rince, do na saighdiúirí Gearmánacha a bhí i bhfeighil na gcampaí. Ní raibh an t-ádh céanna lena fear céile áfach. Cuireadh Paul Hermann go dtí an Ghearmáin mar sclábhaí sa bhliain 1944 agus níor chualathas trácht air arís.

I mí Eanáir 1945 agus na Rúisigh ag gluaiseacht siar ina gcéadta míle tréigeadh an campa ag Stutthof agus iarradh ar na príosúnaigh imeacht de shiúl na gcos siar i dtreo na Gearmáine. Bhí Helen an-dona tinn faoin am seo, bhí fiabhras tíofóideach uirthi, agus fágadh í ar thaobh an bhóthair mar ceapadh go raibh an bás i ndán di. D'éirigh léi fothain a fháil i dteach in aice láimhe agus thug saighdiúirí Gearmánacha bia di agus fuair sí tuilleadh cúnaimh ó shaighdiúir Rúiseach nuair a scríobh sé nóta di, rud a thug cead di a bealach a dhéanamh abhaile go Prág. Tháinig sí ar ais chuici féin go mall i dteach a huncail i bPrág agus i nDeireadh Fómhair 1945 fuair sí cárta poist ó Harry Lewy. Comharsa agus iar-leannán de chuid Helen a bhí i Harry. D'imigh sé go dtí an Ríocht Aontaithe roimh an gcogadh. Phós siad agus bhog siad go Béal Feirste, áit a raibh gnó ag Harry.

Bhí beirt mhac aici i mBéal Feirste agus bhunaigh sí scoileanna rince. Chuireadh na scoileannna seo seónna ar stáitse do scoileanna agus don phobal i gcoitinne i dTuaisceart Éireann. Bhí an-chuid deacrachtaí le sárú ag Helen i rith a saoil mar mhúinteoir mar bhí coimhlint bhrúidiúil a dtugtar na Trioblóidí uirthi ar siúl do chuid mhaith dá saol mar mhúinteoir. Coimhlint leanúnach, fhuilteach idir Protastúnaigh agus Caitlicigh Thuaisceart Éireann a bhí sna Trioblóidí agus mhair an choimhlint idir na blianta 1969 agus 1998. Lean Helen léi ag craobhscaoileadh áilleacht agus tábhacht an rince in ainneoin an fhoréigin agus mhúin agus mhúnlaigh sí an-chuid rinceoirí óga a chuaigh ar aghaidh agus a raibh rath orthu leis an rince mar shlí bheatha ina dhiaidh sin. Chreid Helen go raibh cumas rince i ngach duine agus bhí sé sin mar mhanna aici ar feadh os cionn daichead bliain agus í ina múinteoir rince.

Tuigeadh do chairde Helen i mBéal Feirste thar thréimhse ama go raibh saol thar a bheith eisceachtúil aici agus gur cheart di peann a chur le pár chun scéal a beatha a chur os comhair an phobail. Rinne sí amhlaidh agus foilsíodh A Time To Speak, dírbeathaisnéis Helen sa bhliain 1992. Bhí an-tóir go deo ar an leabhar sin. Anuas ar a cuid scríbhneoireachta, théadh sí timpeall Thuaisceart Éireann go dtí na scoileanna le labhairt le daltaí scoile faoina saol agus faoin tréimhse a chaith sí sna campaí géibhinn ach go háirithe. Aithníodh na tréaniarrachtaí a rinne Helen chun rince agus síocháin a chur chun cinn i ndeireadh a saoil nuair a bronnadh Ball de Ord na Breataine Móire nó MBE agus dochtúireachtaí oinigh uirthi. Chomh maith leis sin, go gairid i ndiaidh a báis, athainmníodh stuideó rince cáiliúil i mBéal Feirste in onóir di. Cailleadh Helen Katz Lewis ar Oíche Chinn Bliana 2009.

Gluais:

Boihéime: ceantar i bPoblacht na Seice, mar a thugtar ar an tír anois.

campa díothaithe: camp a chruthaigh na Naitsithe le daoine a mharú

obair éigeantais: obair a iarrtar ar dhaoine a dhéanamh gan aon phá agus go minic in aghaidh toil na ndaoine sin

ciondálacha: méid áirithe bia agus soláthairtí, atá teoranta agus a dháiltear ar dhaoine.

de shiúl na gcos: ag siúl

fiabhras tíofóideach: tinneas a lagaíonn go mór corp an duine

peann a chur le pár: dul i mbun scríbhneoireachta

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Ceisteanna:

1. Cén bhliain ar rugadh Helen Katz Lewis?
2. Cérbh é an caitheamh aimsire ba mhó a raibh spéis aici ann ó aois an-óg?
3. Cad a tharla don tSeicslóvaic sa bhliain 1939?
4. Cén fáth ar éirigh le Helen teacht slán as na campaí géibhinn?
5. Cad a tharla d'fhear céile Helen i rith an chogaidh?
6. Cá ndeachaigh Helen agus Harry Lewy nuair a phós siad?
7. Cén saghas scoileanna a bhunaigh Helen i dTuaisceart Éireann?
8. Cad a bhí ar siúl i dTuaisceart Éireann le linn do Helen a bheith ag múineadh rince ann?
9. Cad a scríobh Helen sa bhliain 1992?
10. An bhfuil meas agat ar Helen Katz Lewis? Tabhair dhá chúis le d'fhreagra.



Anois, agus an ceisteanna na léamhthuisceana freagartha agat meaitseáil na príomhfhocail agus na blianta cinniúnacha ar chlé lena míniú ar dheis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| **Auschwitz – Berkenau** | tír neamhspleách a ndearna na Naitsithe ionradh uirthi sa bhliain 1939 |
| 1939 | príomhchathair Thuaisceart Éireann |
| An tSeicslóvaic | tús an Dara Cogadh Domhanda |
| Na Giúdaigh | méid áirithe bia a thugtar amach do dhaoine |
| 1969 - 1998 | cathair mhór i lár na hEorpa |
| Béal Feirste | Deireadh an Dara Cogadh Domhanda |
| 1945 | an dáta ar fhuascail na Rúisigh Auschwitz - Berkenau |
| dírbheathaisnéis | pobal a ndearna na Naitsithe géarleanúint bhrúidiúil air |
| Prág | cuntas faoi shaol duine scríofa ag an duine féin |
| ciondáil | blianta na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann |
| 27 Eanáir 1945 | **an campa géibhinn ba mhó a bhí ag na Naitsithe** |

Seo a leanas cúig fhíric thábhachtacha faoinar thit amach do na Giúdaigh tar éis an Dara Cogadh Domhanda

1. An tUileloscadh: Mharaigh na Naitsithe thart ar 6 mhilliún Giúdach san Uileloscadh. Bhain tráma leo siúd a mhair. Chomh maith leis sin, nuair a d'fhill na Giúdaigh nár maraíodh abhaile níos minice ná a mhalairt bhí a gcuid sráidbhailte, bailte agus tithe scriosta.

2. Trialacha Nuremberg: Cuireadh trialacha Nuremberg ar siúl tar éis an chogaidh agus ciontaíodh cuid de na Naitsithe ba shínsearaí as coireanna cogaidh a dhéanamh. Thug na trialacha seo aitheantas de chineál don mhéid a d'fhulaing na Giúdaigh.

3. Stát Iosrael: Bunaíodh stát Iosrael sa bhliain 1948. Tír dhúchais agus tearmann do Ghiúdaigh timpeall an domhain a bhí ann. Tháinig na céadta míle Giúdach chun na háite sna blianta a lean bhunú an stáit.

4. Aiséirí an phobail Ghiúdaigh: In ainneoin ar fhulaing siad i rith an chogaidh cuireadh dlús arís faoi phobail Ghiúdacha in áiteanna áirithe ar domhan, taobh amuigh d'Iosrael. Ba i Meiriceá Thuaidh agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá ba mhó a chonacthas beocht arís sa chultúr agus sa phobal Giúdach.

5. Coimhlint idir Giúdaigh agus Arabaigh/Moslamaigh: D'fhás teannas agus coimhlint idir na Giúdaigh agus Arabaigh agus Moslamaigh tar éis an chogaidh nuair a tháinig na céadta míle Giúdach go dtí an Meánoirthear. Tógadh talamh ó na Palaistínigh agus tháinig Giúdaigh isteach. Tá an choimhlint sin linn i gcónaí.